**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**
**Roinn A Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2011

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. ROINN A – 80 marc.
   Freagair 20 (fiche) ceist as Roinn A. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

3. Caithfear na freagarbhileoga comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. ROINN B – 220 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist as Roinn B. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.



THALL→

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ainmnigh vitimín **amháin** a d'fhéadfadh cabhrú leat **gach ceann** de na galraí uireasa seo a leanas a chosc:

| **GALAR UIREASA** | **VITIMÍN** |
|---|---|
| **(i)** An galar carrach | **(i)** |
| **(ii)** Daille oíche | **(ii)** |
| **(iii)** Beri beri | **(iii)** |
| **(iv)** Raicíteas | **(iv)** |

**2.** Mol buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le bia a ghriolladh.

**(i)** **Buntáiste** ______________________________

______________________________

**(ii)** **Míbhuntáiste** ______________________________

______________________________

**3.** Tabhair **dhá** fhadhb sláinte a bhaineann le róraimhre.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**4.** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba chóir a leanúint nuair a bhítear ag siopadóireacht le haghaidh bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

5. Mínigh **gach ceann** de na téarmaí cócaireachta seo a leanas:

**(i)** **stoc** ______________________________

______________________________

**(ii)** **maisiú** ______________________________

______________________________

6. Tabhair **dhá** chúis a ndéantar bia a phróiseáil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

7. Liostaigh **ceithre** fhoinse eolais don tomhaltóir.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(iii)** ______________ **(iv)** ______________

8. Tabhair **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir a bhaineann le lipéadú teaghlaigh.


**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

9. Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________

______________________________

______________________________

Ainmnigh earra **amháin** a bhfuil an tsiombail seo air ______________

10. Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Cúirt na nÉileamh Beag a úsáid.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**11.** Mínigh an buntáiste a bhaineann le ráthaíocht a bheith ag duine tar éis earra a cheannach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Cad is ***aclaíocht aeróbach*** ann? ______________________________

______________________________________________

______________________________________________

Tabhair sampla **amháin** d'aclaíocht aeróbach ______________________


**13.** Ainmnigh na codanna den chóras atáirgthe baineann a bhfuil na lipéid **1, 2, 3** agus **4** orthu.

**1** ____________________

**2** ____________________

**3** ____________________

**4** ____________________




**14.** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dearcadh dearfach intinne a bheith ag duine.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**15.** Mínigh an difríocht atá idir artaire agus féith ______________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**16.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas maidir le prionsabail an dearaidh:

**(i)** **cothromaíocht** ______________________________

______________________________

**(ii)** **béim** ______________________________

______________________________

**17.** Mínigh **gach ceann** de na rátálacha réalta seo a leanas, a bhíonn le feiceáil ar reoiteoir:

| Rátáil réalta | Am stórála molta |
|---|---|
| **(i)** (réalta amháin)* | **(i)** |
| **(ii)** (trí réalta) * * * | **(ii)** |

**18.** Liostaigh **ceithre** acmhainn atá ann don phobal.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(iii)** ______________ **(iv)** ______________

**19.** Mol cineál ***difriúil*** inslithe atá oiriúnach do **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** áiléar ______________________________

**(ii)** fuinneoga ______________________________

**20.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí teicstíle seo a leanas:

**(i)** **creimneáil** ______________________________

______________________________

**(ii)** **snáithe an dlúith** ______________________________

______________________________

**21.** Cad iad na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhítear ag iarnáil?

**(i)** ______________________________


______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**22.** Mínigh cad a chuireann **gach ceann** de na siombailí cúraim fabraice seo a leanas in iúl:

**(i)**



**(ii)**




**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**23.** Ainmnigh an greim bróidnéireachta a thaispeántar **agus** mol úsáid dó.



**Greim** ______________________________

**Úsáid** ______________________________

______________________________

______________________________

**24.** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cairpéid a úsáid sa teach.

**(i) Buntáiste** ______________________________

______________________________

**(ii) Míbhuntáiste** ______________________________

______________________________

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2011

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (**CEITHRE**) cheist ón roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**ROINN B**
**220 MARC**

**1.** Seo a leanas an luach cothaitheach atá ag cuiríní dubha agus ag úlla.

| Torthaí | Fuinneamh in aghaidh 100g | Próitéin | Saill | Carbaihiodráit | Uisce | Vitimín C |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuiríní Dubha | 28kcal | 0.9g | 0 | 6.6 g | 77g | 200 mg |
| Úlla | 46 kcal | 0.3g | 0 | 12 g | 84g | 5 mg |

**(a)** Ag báint úsáide as an eolas a thugtar ar an tábla, cuir an luach cothaitheach atá ag cuiríní dubha i gcomparáid leis an luach cothaitheach atá ag úlla.

**(b)** **(i)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le torthaí a bheith mar chuid den aiste bia.

**(ii)** Mol roinnt bealaí suimiúla gur féidir torthaí a bheith mar chuid d'aiste bia déagóirí.

**(c)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le torthaí a leasú.

**(d)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun torthaí a leasú.

**(ii)** Mol toradh ***difriúil*** atá oiriúnach do **gach** modh.

**2.** **(a)** Déan cáis a rangú agus tabhair sampla **amháin** de **gach** cineál díobh.

**(b)** Tabhair **ceithre** chúis ar cheart cáis a bheith mar chuid d'aiste bia.

**(c)** Pleanáil agus leag amach biachlár **dhá** chúrsa, ina mbeadh cáis mar cheann de na comhábhair, a bheadh oiriúnach do bhéile teaghlaigh.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar éifeachtaí na cócaireachta ar cháis.

**3.** **(a)** Luaigh na cúiseanna a ndéantar fógraíocht.

**(b)** Tabhair **trí** bhuntáiste a bhaineann le fógraíocht.

**(c)** Liostaigh **ceithre** fhoinse dhifriúla fógraíochta.

**(d)** Déan cur síos ar roinnt teicníochtaí nua-aimseartha a úsáideann asraonta siopadóireachta chun díolacháin a mhéadú.

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann (ASAI).

4. **(a)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhmiú an chórais riospráide.

**(b)** **(i)** Ainmnigh **<u>cúig</u>** chuid den chóras riospráide.

**(ii)** Luaigh feidhm aon **<u>dá</u>** chuid de na codanna atá ainmnithe agat.

**(c)** Liostaigh **<u>trí</u>** chúis a dtosaíonn daoine ag caitheamh tobac.

**(d)** Mol roinnt iarmhairtí díobhálacha a bhíonn ag caitheamh tobac ar an gcorp.

**(e)** Mínigh an téarma ***caitheamh fulangach***.

5. **(a)** Cad iad na treoirlínte is ceart a chur san áireamh nuair a bhíonn cócaireán micreathonnach á roghnú?

**(b)** Mol **<u>trí</u>** úsáid dhifriúla a bhíonn ag cócaireán micreathonnach.

**(c)** **(i)** Tabhair **<u>dhá</u>** chineál bia atá ***oiriúnach*** le haghaidh cócaireachta ag micreathonn.

**(ii)** Tabhair **<u>dhá</u>** chineál bia ***nach bhfuil*** oiriúnach le haghaidh cócaireachta ag micreathonn.

**(d)** **(i)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** earra cócaireachta atá ***oiriúnach*** lena n-úsáid i gcócaireán micreathonnach.

**(ii)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** earra cócaireachta ***nach bhfuil*** oiriúnach lena n-úsáid i gcócaireán micreathonnach.

**(e)** Mínigh an téarma ***am seasta***.

6. **(a)** **(i)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn inneall fuála á roghnú lena úsáid sa bhaile.

**(ii)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** ghné nua-aimseartha a mheasfá a bheith inmhianaithe agus inneall fuála á roghnú.

**(b)** Luaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint agus inneall fuála á úsáid.

**(c)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** bhunghreim innill a úsáidtear agus ball éadaigh á dhéanamh.

**(d)** Mol cúis dhifriúil do **<u>gach ceann</u>** de na lochtanna seo a leanas a tharlaíonn go minic nuair a bhíonn inneall fuála á úsáid:

**(i)** snáthaid ag briseadh;

**(ii)** snáithe ag briseadh;

**(iii)** greamanna lúbacha.

**(e)** Conas is ceart aire a thabhairt d'inneall fuála?

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán